2025/2410

26.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2410 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Samhain 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b) agus Airteagal 232(3), pointe (b) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach bhfuil teacht isteach coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó críocha san Aontas a cheadú ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha, ó chríocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Tá fógra tugtha ag Ceanada don Choimisiún faoi thrí ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis i gcúigí Alberta, British Columbia agus Saskatchewan, ráigeanna a deimhníodh idir an 6 Samhain 2025 agus an 12 Samhain 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(6) Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún faoi naoi ráig nua de HPAI in éanlaith chlóis i gcontaetha Norfolk, South Yorkshire, Suffolk, agus Worcestershire i Sasana, i gcontae South Lanarkshire in Albain, agus i gcontaetha Pembrokeshire agus Powys sa Bhreatain Bheag, ráigeanna a deimhníodh idir an 8 Samhain 2025 agus an 19 Samhain 2025, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi 23 ráig nua de HPAI in éanlaith chlóis i stáit Indiana, Michigan, agus Washington, ráigeanna a deimhníodh idir an 4 Samhain 2025 agus an 13 Samhain 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(8) Tar éis na ráigeanna sin de HPAI a tharla le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht HPAI a rialú agus chun teorainn a chur le leathadh an ghalair sin.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise HPAI a chosc tar éis na ráigeanna sin de HPAI a tharla le déanaí.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, ba cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na limistéir lena mbaineann na ráigeanna nua sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus na dátaí a deimhníodh na ráigeanna á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na tríú tíortha sin sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(11) Ina theannta sin, tá faisnéis nuashonraithe soláthartha don Choimisiúin ag Ceanada agus ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha féin a mhéid a bhaineann le ráigeanna a bhí ann roimhe seo de HPAI ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) An 20 Deireadh Fómhair 2025, chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aige i ndáil le ráig amháin de HPAI in éanlaith chlóis i gcúige Quebec, ráig a deimhníodh an 15 Meán Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) An 12 Samhain 2025 chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta atá déanta aici i ndáil le ráig de HPAI in éanlaith chlóis i gcontae Cumbria i Sasana, ráig a deimhníodh an 28 Meán Fómhair 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(14) Chuir Ceanada agus an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas go bhfuil beartas díothaithe curtha chun feidhme acu, tar éis na ráigeanna sin de HPAI a bhí ann roimhe seo, chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go bhfuil na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe sna bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe.

(15) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada agus an Ríocht Aontaithe faoina bhráid agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná do shláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ó na criosanna atá buailte sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna buailte sin de Cheanada agus den Ríocht Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada agus an Ríocht Aontaithe sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(16) Agus na ráigeanna nua de HPAI i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada agus leis an Ríocht Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.272:

'**CA** Ceanada	CA-2.272	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		15.9.2025	13.11.2025';

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.306, CA-2.307 agus CA-2.308 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.305:

'**CA** Ceanada	CA-2.306	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		6.11.2025	
	CA-2.307		N, P1		12.11.2025	
	CA-2.308		N, P1		8.11.2025'	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.393:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.393	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		28.9.2025	6.11.2025'

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.419 go GB-2.427 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.418:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.419	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		8.11.2025	
	GB-2.420		N, P1		9.11.2025	
	GB-2.421		N, P1		12.11.2025	
	GB-2.422		N, P1		12.11.2025	
	GB-2.423		N, P1		13.11.2025	
	GB-2.424		N, P1		14.11.2025	
	GB-2.425		N, P1		14.11.2025	
	GB-2.426		N, P1		18.11.2025	
	GB-2.427		N, P1		19.11.2025'	

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1113 go US-2.1135 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1112:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1113	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		6.11.2025	
	US-2.1114		N, P1		10.11.2025	
	US-2.1115		N, P1		4.11.2025	
	US-2.1116		N, P1		5.11.2025	
	US-2.1117		N, P1		5.11.2025	

	US-2.1118		N, P1		5.11.2025	
	US-2.1119		N, P1		6.11.2025	
	US-2.1120		N, P1		6.11.2025	
	US-2.1121		N, P1		7.11.2025	
	US-2.1122		N, P1		7.11.2025	
	US-2.1123		N, P1		7.11.2025	
	US-2.1124		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1125		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1126		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1127		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1128		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1129		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1130		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1131		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1132		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1133		N, P1		12.11.2025	
	US-2.1134		N, P1		13.11.2025	
	US-2.1135		N, P1		13.11.2025’	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.306, CA-2.307 agus CA-2.308 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.305:

‘Ceanada	CA-2.306	Alberta – Latitude 52.79, Longitude -113.84 The municipalities involved are: 3km PZ: Blackfalds, Crestomere and Ponoka 10km SZ: Blackfalds, Crestomere, Falun, Ponoka, Rimbey, and Westerose, Wetaskiwin
	CA-2.307	Saskatchewan – Latitude 52.31, Longitude -106.66 The municipalities involved are: 3km PZ: Corman Park, Martensville, and Saskatoon 10km SZ: Corman Park, Dalmeny, Martensville, Saskatoon and Warman
	CA-2.308	British Columbia- Latitude 49.17, Longitude -123.09 Fraser Valley Regionalization Zone 1. The municipalities involved are: Burnaby, Delta, New Westminster, Richmond, Tsawwassen, and Vancouver’

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chriosanna GB-2.419 go GB-2.427 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.418:

‘An Ríocht Aontaithe	GB-2.419	near Hallow, Malvern Hills, Worcestershire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.26 and Long: W2.27

	GB-2.420	near Welshpool, Powys, Wales, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.62 and Long: W3.13
	GB-2.421	near Lanark, South Lanarkshire, Scotland, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N55.70 and Long: W3.73
	GB-2.422	near Woodbridge, East Suffolk, Suffolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates N52.13 and Long: E1.28
	GB-2.423	near Poringland, South Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.56 and Long: E1.33
	GB-2.424	near Swaffham, Breckland, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.63 and Long: E0.73
	GB-2.425	near Thorne, Doncaster, South Yorkshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.62 and Long: W1.00
	GB-2.426	near Milford Haven, Pembrokeshire, Wales, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N51.73 and Long: W5.05
	GB-2.427	near Lawshall, Babergh, Suffolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.16 and Long: E0.72’

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.1113 go US-2.1135 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1112:

‘Na Stáit Aontaithe	US-2.1113	State of Washington Snohomish 11 Snohomish County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 122.2351048°W 48.0447061°N)
	US-2.1114	State of Michigan Allegan 02 Allegan County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.8098667°W 42.8288478°N)
	US-2.1115	State of Indiana Elkhart 10 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6693425°W 41.6801002°N
	US-2.1116	State of Indiana LaGrange 08 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5457122°W 41.6703465°N)

	US-2.1117	State of Indiana LaGrange 10 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6395624°W 41.6355876°N)
	US-2.1118	State of Indiana LaGrange 09 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5859983°W 41.6544713°N)
	US-2.1119	State of Indiana LaGrange 11 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5942467°W 41.6663620°N)
	US-2.1120	State of Indiana Elkhart 11 Elkhart County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6878214°W 41.6571826°N)
	US-2.1121	State of Indiana LaGrange 12 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5882007°W 41.6567615°N)
	US-2.1122	State of Indiana LaGrange 13 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6394799°W 41.6472074°N)
	US-2.1123	State of Indiana LaGrange 14 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5648278°W 41.6678387°N)
	US-2.1124	State of Indiana LaGrange 15 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6041250°W 41.6397435°N)
	US-2.1125	State of Indiana LaGrange 16 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5952827°W 41.6436425°N)
	US-2.1126	State of Indiana LaGrange 18 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6393783°W 41.6548373°N)
	US-2.1127	State of Indiana LaGrange 19 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.4707331°W 41.6740780°N)
	US-2.1128	State of Indiana LaGrange 20 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.4331026°W 41.6798436°N)

	US-2.1129	State of Indiana LaGrange 21 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.4624138°W 41.6664071°N)
	US-2.1130	State of Indiana LaGrange 22 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5952374°W 41.6696621°N)
	US-2.1131	State of Indiana LaGrange 24 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6052061°W 41.6416636°N)
	US-2.1132	State of Indiana LaGrange 25 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates:85.6220656°W 41.6546453°N)
	US-2.1133	State of Indiana LaGrange 26 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.4836603°W 41.6235302°N)
	US-2.1134	State of Indiana LaGrange 17 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.6404326°W 41.6401376°N)
	US-2.1135	State of Indiana LaGrange 23 LaGrange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 85.5208141°W 41.6973233°N)'

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.272:

'**CA** Ceanada	CA-2.272	POU, RAT	N, P1		15.9.2025	13.11.2025
		GBM	P1		15.9.2025	13.11.2025'

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.306, CA-2.307 agus CA-2.308 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.305:

'**CA** Ceanada	CA-2.306	POU, RAT	N, P1		6.11.2025	
		GBM	P1		6.11.2025	
	CA-2.307	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	CA-2.308	POU, RAT	N, P1		8.11.2025	
		GBM	P1		8.11.2025'	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.393:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.393	POU, RAT	N, P1		28.9.2025	6.11.2025
		GBM	P1		28.9.2025	6.11.2025'

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.419 go GB-2.427 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.418:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.419	POU, RAT	N, P1		8.11.2025	
		GBM	P1		8.11.2025	
	GB-2.420	POU, RAT	N, P1		9.11.2025	
		GBM	P1		9.11.2025	
	GB-2.421	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	GB-2.422	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	GB-2.423	POU, RAT	N, P1		13.11.2025	
		GBM	P1		13.11.2025	
	GB-2.424	POU, RAT	N, P1		14.11.2025	
		GBM	P1		14.11.2025	
	GB-2.425	POU, RAT	N, P1		14.11.2025	
		GBM	P1		14.11.2025	
	GB-2.426	POU, RAT	N, P1		18.11.2025	
		GBM	P1		18.11.2025	
	GB-2.427	POU, RAT	N, P1		19.11.2025	
		GBM	P1		19.11.2025'	

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.1113 go US-2.1135 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1112:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.1113	POU, RAT	N, P1		6.11.2025	
		GBM	P1		6.11.2025	
	US-2.1114	POU, RAT	N, P1		10.11.2025	
		GBM	P1		10.11.2025	
	US-2.1115	POU, RAT	N, P1		4.11.2025	
		GBM	P1		4.11.2025	
	US-2.1116	POU, RAT	N, P1		5.11.2025	
		GBM	P1		5.11.2025	
	US-2.1117	POU, RAT	N, P1		5.11.2025	
		GBM	P1		5.11.2025	
	US-2.1118	POU, RAT	N, P1		5.11.2025	
		GBM	P1		5.11.2025	
	US-2.1119	POU, RAT	N, P1		6.11.2025	
		GBM	P1		6.11.2025	
	US-2.1120	POU, RAT	N, P1		6.11.2025	
		GBM	P1		6.11.2025	
	US-2.1121	POU, RAT	N, P1		7.11.2025	
		GBM	P1		7.11.2025	

	US-2.1122	POU, RAT	N, P1		7.11.2025	
		GBM	P1		7.11.2025	
	US-2.1123	POU, RAT	N, P1		7.11.2025	
		GBM	P1		7.11.2025	
	US-2.1124	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1125	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1126	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1127	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1128	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1129	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1130	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1131	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1132	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1133	POU, RAT	N, P1		12.11.2025	
		GBM	P1		12.11.2025	
	US-2.1134	POU, RAT	N, P1		13.11.2025	
		GBM	P1		13.11.2025	
	US-2.1135	POU, RAT	N, P1		13.11.2025	
		GBM	P1		13.11.2025’	